Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9128/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0412(NLE)**

**ENV 488**
**CLIMA 256**
**SOC 250**
**ENER 241**
**ECOFIN 605**
**COMPET 557**
**RECH 215**
**EDUC 154**
**CULT 69**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Moladh ón gComhairle maidir le Bauhaus Eorpach Nua |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo an Moladh ón gComhairle maidir leis Bauhaus Eorpach Nua, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 4171ú cruinniú dá cuid, an 11 Bealtaine 2026.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Bauhaus Eorpach Nua**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 292 agus 192 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm do Bauhaus Eorpach Nua an t-aistriú i dtreo fuinneamh glan agus an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan a chur chun feidhme le tionscadail inbhraite lena dtacaítear le claochlú comharsanachtaí agus lena bhfeabhsaítear an saol laethúil trí réitigh lena gcomhcheanglaítear an inbhuanaitheacht agus an inacmhainneacht le dea-dhearadh, ailtireacht ardcháilíochta, cuimsitheacht, inrochtaineacht agus feabhsú na nuálaíochta in éiceachórais thionsclaíocha chun an t-iomaíochas a scaoileadh, agus éagsúlacht áiteanna, oidhreacht chultúrtha agus éagsúlacht chultúrtha na hEorpa á n-urramú agus á gcur chun cinn ag an am céanna. Trí phróisis chomhchruthaithe a chothú le pobail áitiúla, le páirtithe leasmhara agus le gnólachtaí, cuirtear chun cinn leis an tionscnamh réitigh atá saincheaptha do riachtanais na sochaí agus an chomhshaoil, agus a dtacaíonn bonn leathan saoránach leo agus ar féidir iad a mhacasamhlú agus a mhórmhéadú i gcomhthéacsanna comhchosúla ar fud an Aontais.

(2) In 2021, ghlac an Coimisiún Eorpach Teachtaireacht[1] ina gcuirtear i láthair coincheap agus cuspóirí Bauhaus Eorpach Nua, atá á threorú ag trí luach dhoscartha (an inbhuanaitheacht, an chuimsitheacht, agus an aeistéitic) agus trí phrionsabal (an rannpháirtíocht il-leibhéil, an cur chuige rannpháirteach, agus an trasdisciplíneacht).

(3) Tá tacaíocht léirithe ag Parlaimint na hEorpa[2] agus ag Ballstáit an Aontais[3] do Bauhaus Eorpach Nua agus tá tuairimí dearfacha faoin tionscnamh eisithe ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[4] agus ag Coiste na Réigiún[5].

(4) Le himeacht 5 bliana, tá pobal láidir tógtha ag Bauhaus Eorpach Nua[6], atá bunaithe ar bhallraíocht ina bhfuil beagnach 2 000 eagraíocht áitiúil agus idirnáisiúnta, idir eagraíochtaí neamhbhrabúis agus eintitis chultúrtha, údaráis phoiblí agus ghnólachtaí. Tá tacaíocht faighte cheana féin ag breis agus 700 tionscadal. Faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027, tugadh EUR 1.4 billiún do Bauhaus Eorpach Nua. Is as an mbeartas comhtháthaithe (os cionn EUR 840 milliún) agus as Fís Eorpach (os cionn EUR 530 milliún) a thagann formhór an chistithe. Le cláir eile de chuid an Aontais (LIFE, Clár an Mhargaidh Aonair, an Eoraip Dhigiteach agus COSME), ranníoctar thart ar EUR 26 mhilliún.

---

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Bauhaus Eorpach Nua, COM(2021) 573.

2 Féach Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Meán Fómhair 2022 maidir leis an Bauhaus Eorpach Nua, 2021/2255(INI). Ina theannta sin, tá Parlaimint na hEorpa ag tacú leis an tionscnamh le réamhbheart ('Ardán Bainistithe Eolais Bauhaus Eorpach Nua') agus le treoirthionscadal ('Tionscadail Phobail Áitiúla agus Réigiúnacha Bauhaus Eorpach Nua a Spreagadh').

3 Féach Conclúidí ón gComhairle maidir le cultúr, ailtireacht agus timpeallacht thógtha ardcháilíochta mar phríomhghnéithe de thionscnamh Bauhaus Nua Eorpach, 14534/21.

4 Féach https://www.eesc.europa.eu/ga/our-work/opinions-information-reports/opinions/new-european-bauhaus.

5 Féach https://web.cor.europa.eu/ea/News/Pages/CoR-members-adopt-McCarthy's-opinion-on-the-New-European-Bauhaus.aspx.

6 Féach an Comhphobal mar chroílár Bauhaus Eorpach Nua - Bauhaus Eorpach Nua

(5) Sna treoirlínte polaitiúla don Choimisiún Eorpach 2024–2029[7], tá Bauhaus Eorpach Nua mar chuid de chuspóir foriomlán an Choimisiúin 'Tacú le daoine, ár sochaithe agus ár samhail shóisialta a neartú', agus é mar aidhm aige an inbhuanaitheacht a thabhairt in éineacht leis an gcuimsiú agus an inacmhainneacht, agus an cruthaitheacht in éineacht leis an nuálaíocht. Dá méadófaí Comhphobal Bauhaus Eorpach Nua, d'fhéadfaí an sprioc sin a chur chun cinn agus a áirithiú go bhféadfadh páirtithe leasmhara ábhartha rannchuidiú go héifeachtach.

(6) Is féidir le luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua cuidiú leis an Eoraip aistriú i dtreo todhchaí níos iomaíche, níos ciorclaí agus níos inbhuanaithe. Trí luachanna Bauhaus Eorpach Nua a leabú i straitéisí náisiúnta, áitiúla agus uirbeacha atá ann cheana atá dírithe ar an timpeallacht thógtha, is féidir leis na Ballstáit an t-aistriú i dtreo fuinneamh glan agus an t-aistriú digiteach a iompú ina ndeiseanna inbhraite do shaoránaigh agus do ghnólachtaí ar fud na hEorpa. Trí dlús a chur faoin taighde agus nuálaíocht, an barr feabhais tionsclaíoch, scileanna, cultúr agus cruthaitheacht, is féidir le Bauhaus Eorpach Nua cuidiú le slabhraí luacha athléimneacha agus poist ardcháilíochta a chruthú ar fud na hEorpa, ionas go dtreiseofar iomaíochas domhanda, forbairt inbhuanaithe agus uathriail straitéiseach na hEorpa leis an aistriú i dtreo fuinneamh glan, agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna. Mar sin féin, is mór idir Ballstáit an Aontais ó thaobh an chomhtháthaithe agus an phríomhshruthaithe sin de faoi láthair, rud a fhágann nach bhfuil deiseanna cothroma ann le haghaidh páirtithe leasmhara agus údarás, go háirithe ar an leibhéal áitiúil. Is féidir leis na Ballstáit cur le dea-chleachtais atá ann cheana maidir leis an rialachas il-leibhéil agus trasearnála. Chun tacú le hathghiniúint chlaochlaitheach comharsanachtaí agus chun a gcreatlach shóisialta a neartú, agus chun na luachanna agus na prionsabail sin a chur chun cinn ar mhaithe leis an timpeallacht thógtha agus na hearnálacha ábhartha, is féidir luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua a phríomhshruthú sna beartais ábhartha, lena n-áirítear trí bheartais ailtireachta náisiúnta uirlisí pleanála spásúlachta digití, agus ionstraimí cistiúcháin ábhartha uile ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

7 Féach Tosaíochtaí 2024–2029 - An Coimisiún Eorpach

(7) Tá réimse uirlisí ar fáil do na Ballstáit chun luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua lena gcuirtear chun cinn timpeallacht thógtha atá inbhuanaithe, inacmhainne, cuimsitheach, inrochtana, luachmhar ó thaobh na haeistéitice, ar ardcháilíocht agus oiriúnaithe don aeráid, a leabú ina bpleananna beartais maidir le hathchóiriú agus tógáil foirgneamh, forbairt chríochach agus athrú aeráide, agus a leabú i mbeartais ailtireachta náisiúnta agus i bpleananna agus straitéisí náisiúnta eile nó de chuid an Aontais[8], i gcomhréir le hinniúlachtaí náisiúnta agus struchtúir rialachais don fhorbairt inbhuanaithe. D'fhéadfaí iad sin a úsáid chun tacú le príomhshruthú agus comhtháthú chuspóirí Bauhaus Eorpach Nua, trí chur chuige comhtháite a úsáid lena seachnaítear struchtúir chomhthreomhara a chruthú, agus chun sineirgí a chur chun cinn idir spriocanna éagsúla amhail an éifeachtúlacht fuinnimh agus an dícharbónú, an stóráil carbóin, an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, bonneagar glas uirbeach, an geilleagar ciorclach, an tsoghluaisteacht inbhuanaithe, an athléimneacht uisce, an inacmhainneacht, an inbhuanaitheacht agus an inrochtaineacht, go háirithe i gcomhthéacs athghiniúint comharsanachtaí agus neartú na lárionad áitiúil agus cathrach, agus an oidhreacht chultúrtha á cur san áireamh ag an am céanna.

(8) Tá deis shoiléir ann úsáid níos ciorclaí agus níos éifeachtúla acmhainní a chur chun cinn laistigh den timpeallacht thógtha trí bhíthin luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua. Léiríonn sé sin go bhfuil gá le straitéisí pleanála spásúlachta atá dírithe ar leordhóthanacht chomh maith le feabhsuithe éifeachtúlachta. Faoi láthair, tá gá le méideanna móra fuinnimh agus acmhainní mianracha chun foirgnimh a thógáil, a úsáid agus a athchóiriú, méideanna arb é atá iontu 42 % den tomhaltas fuinnimh iomlán, 35 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa, 50 % den eastóscadh ábhar ar fad, agus 35 % de ghiniúint dramhaíola iomlán an Aontais[9]. Cuireann na gníomhaíochtaí sin freisin le tomhaltas uisce, agus cuireann siad le truailliú aeir, uisce agus ithreach, truailliú torainn, athrú agus díghrádú ar úsáid talún, próisis gaineamhlaithe, séalú ithreach, cailliúint bithéagsúlachta, agus sraoilleáil uirbeach nach mór a íoslaghdú.

---

8 Mar shampla an Plean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne, Pleananna Náisiúnta Athchóirithe Foirgneamh, Pleananna Críochacha um Aistriú Cóir, Pleananna Aeráide Sóisialta, Pleananna Téimh agus Fuaraithe Áitiúla, Pleananna um an nGeilleagar Ciorclach agus tionscnaimh mar shampla Conarthaí Cathrach Aeráide, Pleananna Gníomhaíochta um Inbhuanaitheacht Fuinnimh agus um an Aeráid, Clár Oibre Uirbeach don Aontas Eorpach agus Clár Oibre an Aontais le haghaidh na gCathracha

9 Féach an tuarascáil ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil [Addressing the environmental and climate footprint of buildings [Aghaidh a thabhairt ar lorg comhshaoil agus aeráide foirgneamh], 2024].

(9) I bhfianaise sprioc aeráidneodrachta an Aontais le haghaidh 2050, ghlac an tAontas roinnt gníomhartha dlí chun lorg comhshaoil agus aeráide foirgneamh ar feadh a saolré a laghdú. Comhlánaítear iad sin le tionscnaimh bheartais neamhreachtacha éagsúla, ó mhodheolaíochtaí agus uirlisí ríofa go conairí, pleananna, straitéisí agus cistiú tionscail, lena n-áirítear tionscnaimh maidir le 'Tacú le cuir chuige saolré chun foirgnimh Eorpacha a dhícharbónú', arna fhoilsiú ag an gCoimisiún i mí an Mhárta 2026[10], creat comhchoiteann na gcroítháscairí inbhuanaitheachta le haghaidh foirgnimh oifige agus chónaithe[11], nó rialacha maidir le caiteachas bhuiséad an Aontais a ailíniú le critéir 'gan dochar suntasach a dhéanamh'[12]. Cuidíonn na tionscnaimh sin agus Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais[13] le bacainní ar iontráil sa mhargadh a shárú agus tacaíonn siad le cruthú margaí tosaigh le haghaidh ábhair thógála ísealcharbóin, chiorclacha, ghlana agus bhithbhunaithe agus teicneolaíochtaí glana, rud a thacaíonn le samhlacha gnó inbhuanaithe, éiceachórais thionsclaíocha inbhuanaithe athléimneacha, poist agus cruthú luacha san Aontas.

(10) Cuireann tionscadail Bauhaus Eorpach Nua feabhas ar bhuntáiste iomaíoch agus nuálach na dtionscal tógála, uisce agus bithgheilleagair inbhuanaithe, trí ghiniúint eolais, trí theicneolaíochtaí a fhréamhshamhaltú agus a mhórmhéadú ó thaobh dearadh ciorclach dícharbónaithe agus dearadh atá dearfach ó thaobh an dúlra de, lena n-áirítear eolas dúchasach le haghaidh cómhaireachtáil leis an dúlra agus modhanna tógála a bharrfheabhsú, aghaidh a thabhairt ar chaighdeáin agus costais a laghdú chun margaí a chruthú d'ábhair atá nuálach, neamhthocsaineach, neamhdhíobhálach don chomhshaol, inbhuanaithe agus marthanach, agus ar an gcaoi sin, tacaíonn siad le fás atá tíosach ar acmhainní, costéifeachtach agus nuálach, agus úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha teoranta á háirithiú an tráth céanna.

---

10 Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin — Supporting life-cycle approaches to decarbonise European buildings [Tacú le cuir chuige saolré chun foirgnimh Eorpacha a dhícharbónú] (SWD(2026) 93 final).

11 Féach Level(s) – A common EU framework of core sustainability indicators for office and residential buildings.

12 Féach DNSH technical guidance to the SCF [Treoraíocht theicniúil maidir le 'gan dochar suntasach a dhéanamh' don Chiste Aeráide Sóisialta], an Coimisiún Eorpach, agus go gcuimsítear, i Rialachán an Aontais maidir le Tacsanomaíocht agus sna gníomhartha tarmligthe lena ngabhann, forálacha darb aidhm lorg comhshaoil foirgneamh a laghdú.

13 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Creat straitéiseach le haghaidh bithgheilleagar iomaíoch inbhuanaithe san Aontas (COM/2025/960)

(11) Trí úsáid níos éifeachtúla agus níos ciorclaí a bhaint as an timpeallacht thógtha — foirgnimh, tírdhreacha uirbeacha agus tuaithe, spásanna poiblí agus comónta, spásanna glasa agus bonneagar — tacófar leis an stoc foirgneamh atá ann cheana a chur in oiriúint do riachtanais daoine ó thaobh spáis, nascachta agus inrochtaineachta de, lena n-áirítear trí phleananna críochacha digiteacha, agus teorainneacha pláinéadacha á n-urramú an tráth céanna. Trí thosaíocht a thabhairt d'úsáid éifeachtúil an spáis thógtha trí athchóiriú nó athriochtú[14] ar scartáil neamhriachtanach agus ar fhoirgníocht nua, agus do chleachtais shóisialta nua, tugtar deis shuntasach chun lorg comhshaoil agus aeráide an stoic foirgneamh a laghdú[15], tithíocht ardcháilíochta, inacmhainne agus inbhuanaithe a chur ar fáil do chách, an bhithéagsúlacht a chosaint agus an dúlra a athbhunú, díghrádú talún a sheachaint agus, más féidir, moill a chur ar shraoilleáil uirbeach agus ar shéalú ithreach, lena n-áirítear trí láithreáin athfhorbraíochta a athúsáid, soghluaisteacht inbhuanaithe, comhtháthú sóisialta agus glacadh sóisialta a chothú agus, ag an am céanna, an oidhreacht chultúrtha a chosaint agus a chomhtháthú mar ghné den chomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta le haghaidh maireachtála agus tithíochta. Trí fhoirgnimh fholmha a úsáid, go háirithe i gceantair thuaithe, cuirtear athghníomhachtú chun cinn, cuirtear cosc ar laghdú daonra, agus méadaítear tarraingteacht lár bailte.

---

14 Áirítear le 'hathriochtú' athruithe ar an bplean spáis nó athruithe feidhme go húsáid nua, ar athruithe iad nach gcumhdaítear go hiondúil le hathchóiriú, i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar síos leis an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN).

15 Ar bhonn staidéir ón gCoimisiún: Conversion of offices into affordable housing [Oifigí a thiontú ina dtithíocht inacmhainne], Sufficiency in the built sector [Leordhóthanacht san earnáil thógtha] agus úsáid níos éifeachtúla a bhaint as an stoc foirgneamh] (torthaí lár 2027).

(12) Is iad pobail áitiúla is mó atá thíos le tionchair dhiúltacha na nguaiseacha nádúrtha agus na nguaiseacha nádúrtha a bhaineann leis an aeráid aeráide agus an díghrádaithe comhshaoil, mar shampla minicíocht agus déine mhéadaithe tonnta teasa, borradh agus crapadh cré, tuilte, falscaithe nó creathanna talún, a bhíonn níos measa mar gheall ar an idirghníomhaíocht le tosca eile a bhaineann le gaineamhlú agus díghrádú talún, mar shampla geomoirfeolaíocht, cailliúint na bithéagsúlachta agus díghrádú na n-éiceachóras, droch-cháilíocht aeir, uisce agus ithreach nó séalú ithreach. Idir 2011 agus 2021, tháinig méadú os cionn 935 000 duine ar an líon daoine san Eoraip a bhí ina gcónaí i limistéir a d'fhéadfadh a bheith i mbaol tuilte aibhneacha[16]. Mar thoradh ar an gcomhéadan idir talamh fiáin agus uirbeach, an limistéar ina bhfuil lonnaíochtaí daonna i limistéir fásra talún a bhíonn i mbaol dóiteáin nó gar dóibh, ar limistéar é atá ag dul i méid, is minice anois a bhíonn falscaithe níos contúirtí ann.[17] Sa tréimhse 2017–2019, bhí 119 000 duine ar an meán in aghaidh na bliana i dtíortha LEE agus sa Ríocht Aontaithe ina gcónaí i limistéir a measadh a bheith dóite ag falscaithe.[18] Chun tacú le hathléimneacht áitiúil agus le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, d'fhéadfaí caighdeáin maidir le hoiriúnú foirgneamh[19] agus ceantar uirbeach agus tuaithe don athrú aeráide agus maidir le cosc agus ullmhacht i ndáil le tuilte agus falscaithe, limistéir ghlasa agus athchóiriú éiceachóras uirbeach a chomhtháthú in uirlisí rialála agus airgeadais agus san oiliúint agus oideachas gaolmhar[20] ar an leibhéal náisiúnta, áitiúil agus réigiúnach.

(13) Tá bonneagair ghlasa ghorma ríthábhachtach le haghaidh an oiriúnaithe don athrú aeráide, na bithéagsúlachta agus na sláinte poiblí. Is féidir tacú le hath-leithdháileadh agus athdhearadh spáis phoiblí uirbigh i gcomhréir le luachanna Bauhaus Eorpach Nua trí bhíthin athghiniúint uirbeach agus coincheapa comhtháite inbhuanaithe soghluaisteachta uirbí (e.g. pleananna soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe) lena gcumasaítear na claochluithe sin, agus inrochtaineacht ar phoist, ar sheirbhísí agus ar áiseanna á coinneáil ar bun an tráth céanna. Fónann sráideanna, cearnóga, páirceanna agus spásanna poiblí eile mar idirghníomhú shóisialta, mar nasc leis an dúlra, leis an bhfolláine agus leis an ngníomhú ar son na haeráide seachas a bheith ina gconairí idirthurais amháin. D'fhéadfaí a áireamh ar an ath-leithdháileadh sin conairí dúlra lena nasctar ceantair uirbeacha agus thuaithe, lena gcothaítear gníomhaíocht choirp, agus deiseanna eacnamaíocha i réigiúin a bhfuil an dídhaonrú ag bagairt orthu, agus ar an gcaoi sin comhtháthú sóisialta agus beogacht réigiúnach a fheabhsú.

---

**16** Féach an tuarascáil ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil maidir le Comhshaol na hEorpa, 2025

**17** Féach Dóiteáin foraoise – Beartais chliste um chosaint dóiteán a spreagadh san Aontas

**18** Féach an tuarascáil ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil maidir le Comhshaol na hEorpa, 2025

**19** Féach treoraíocht theicniúil ar leibhéal an Aontais maidir le foirgnimh a chur in oiriúint don athrú aeráide

**20** Féach an Lámhleabhar maidir le straitéisí glasúcháin agus pleananna dúlra uirbeacha (2025).

(14) Áirítear i mbeartais an Aontais bearta agus uirlisí sonracha chun grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus imeallaithe a chosaint, go háirithe maidir le bochtaineacht fuinnimh agus soghluaisteachta, truailliú aeir, iarmhairt teasoileáin uirbigh, rochtain ar uisce óil glan, sláintíocht agus bonneagar glas agus gorm**.** Cuireann tionscadail Bauhaus Eorpach Nua le cothroime chomhshaoil agus aeráide agus, an tráth céanna, neartaíonn siad an cuimsiú sóisialta, an tsláinte phoiblí, an cothroime idirghlúine, an comhionannas inscne agus cosc na coireachta, lena n-áirítear an foréigean inscnebhunaithe.

(15) Is prionsabal bunaidh de chuid Bauhaus Eorpach Nua í an rannpháirtíocht. Is samplaí maithe iad a thionscadail, a chistiú, a uirlisí digiteacha agus a fhothú acmhainneachta de bheartais agus cleachtais maidir leis an rannpháirtíocht agus an daonlathas áitiúil a chur chun cinn, a dhreasú agus tacaíocht a thabhairt dóibh, go háirithe a mhéid a bhaineann le dearadh spásúil agus uirbeach agus claochlú comharsanachtaí.

(16) Is deis thábhachtach do phobail agus d'fhorbróirí tionscadail araon í an rannpháirtíocht i bpróisis forbartha uirbí. Le fíor-rannpháirtíocht ghníomhach an phobail i ndearadh agus i rialachas tionscadal, lena n-áirítear iad siúd a ndéanann an bhochtaineacht fuinnimh difear dóibh nó atá faoi mhíbhuntáiste nó imeallaithe ar bhealach eile, cothaítear muinín agus tuiscint i gcórais dhaonlathacha, caomhnaítear cuntasacht dhaonlathach, neartaítear an chreatlach shóisialta agus feabhsaítear éifeachtacht na n-idirghabhálacha. Leis an rannpháirtíocht sin, trí thionóil phoiblí agus trí cheardlanna comhdhearaidh agus comhchruthaitheachta, agus deis rannpháirtíochta polaitiúla ann ar an leibhéal áitiúil, déantar tionscadail a dhaingniú i suíomhanna áitiúla agus cuirtear cosc ar chur i gcéill, rud a chothaíonn sochaithe athléimneacha cuimsitheacha. I gcás forbróirí tionscadail, d'fhéadfadh próisis cheadaithe bhrostaithe, cur chun feidhme tionscadail níos rianúla agus, ar deireadh, glacadh an phobail agus rioscaí níos ísle a bheith mar thoradh ar an tacaíocht ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara.

(17) Nuair a bhaintear tairbhe as uirlisí digiteacha ar nós Bosca Uirlisí an Aontais Eorpaigh le haghaidh Leathchúplaí Digiteacha Áitiúla , ardáin náisiúnta pleanála spásúlachta digití, agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn ar nós ardsamhlacha intleachta saorga (IS) don dearadh spásúil agus don atógáil spásúil, lena n-áirítear samhlacha móra teanga atá curtha in oiriúint do theangacha sonracha an Aontais, ardréitigh innealtóireachta, logleabhair dhigiteacha foirgneamh agus iniúchtaí digiteacha réamhscartála, bíonn rannpháirtíocht an phobail sa chinnteoireacht agus san fhorbairt beartais níos trédhearcaí, níos éifeachtúla agus níos freagrúla. Trí chumais oibríochtúla na n-údarás a neartú trí na hacmhainní agus na hardáin atá ann cheana, amhail deiseanna foghlama idir piaraí agus tacaíocht theicniúil, áirithítear treoraíocht agus tacaíocht éifeachtach maidir le luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua a chur chun feidhme, rud a dhéanann réitigh faoi stiúir an phobail a chothú agus athléimneacht na sochaí a fheabhsú.

(18) Is mór-shaincheist don tionscal tógála í an easpa scileanna in earnáil na tógála, go háirithe maidir leis an tógáil chiorclach agus inbhuanaithe, athchóiriú agus athbhunú. In 2022, sheol an Coimisiún Acadamh Bauhaus Eorpach Nua maidir le scileanna ar mhaithe le tógáil inbhuanaithe chun rannchuidiú le hiarracht níos leithne chun dlús a chur le huas-sciliú agus athsciliú oibrithe in éiceachóras na tógála agus chun tacú lena aistriú i dtreo fuinneamh glan. Déanfaidh an Coimisiún, sa CAI reatha, Acadamh Bauhaus Eorpach Nua a uas-scálú agus é a fhorbairt ina bhonneagar lárnach do Bauhaus Eorpach Nua le haghaidh luachshocrú eolais, turgnamhaíocht agus nuálaíocht shábháilte, agus forbairt scileanna. Is é is aidhm d’Acadamh Bauhaus Eorpach Nua gníomhaíochtaí um sciliú, fothú acmhainneachta agus nuálaíocht fheidhmeach a éascú, agus ar an gcaoi sin luach a chur ar an eolas a tháirgtear faoi Shaoráid Bauhaus Eorpach Nua. Le hAcadamh Bauhaus Eorpach Nua, forbrófar Luasaire Infheistíochta Bauhaus Eorpach Nua chun leithdháileadh cistiúcháin phríobháidigh agus mheasctha ar thionscadail nuálacha Bauhaus Eorpach Nua a mhealladh agus a éascú.

(19) Aithnítear i nDearbhú Davos Towards a high-quality Baukultur for Europe [I dtreo Baukultur ardcháilíochta don Eoraip] gnéithe cultúrtha an chaomhnaithe, na pleanála agus na tógála agus bunaíodh ann Baukultur ardcháilíochta (cultúr ailtireachta agus deartha) mar thosaíocht pholaitiúil. Sna conclúidí ón gComhairle maidir le cultúr, ailtireacht agus timpeallacht thógtha ardcháilíochta a bheith mar phríomhghnéithe de thionscnamh Bauhaus Nua Eorpach, a glacadh an 29–30 Samhain 2021, iarradh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún cur chuige rannpháirteach faoi stiúir an chultúir, arb é an dea-cháilíocht is bonn leis, a chur chun cinn i leith na timpeallachta tógtha agus caighdeáin ardcháilíochta a chur i bhfeidhm maidir leis an bpleanáil, an dearadh, an tógáil, an caomhnú, an t-athbhunú, an t-athchóiriú, an t-athfheistiú agus na próisis athúsáide oiriúnaitheacha.

(20) Léirítear le tionscadail Bauhaus Eorpach Nua gur féidir comhar i dtreo athrú ó bhonn a spreagadh ach ealaíontóirí a leabú i dtimpeallachtaí teicneolaíocha agus eolaíocha, agus gur comhar é sin as a dtiocfaidh nuálaíocht agus aschuir choincréiteacha. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Compás Cultúir don Aontas Eorpach a glacadh an 12 Samhain 2025, aithnítear a thábhachtaí atá sé cultúr comhroinnte ailtireachta agus deartha a chur chun cinn agus infheistíocht a dhéanamh i dtimpeallacht mhaireachtála ardcháilíochta do chách trí thionscnaimh ar nós Bauhaus Eorpach Nua. Cé go bhfuil ról na n-ealaíontóirí agus na ngairmithe cultúrtha mar lucht déanta athruithe agus mar nuálaithe ríthábhachtach chun luachanna Bauhaus Eorpach Nua a aistriú agus a chur chun feidhme ar an láthair, ní leor fós a slógadh agus a rochtain ar chistiú, go háirithe i gcás eagraíochtaí beaga, chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht a bhfíseanna agus a gcur chuige cruthaitheach. Is dúshlán é deireadh a chur le smaointeoireacht neamh-chomhtháite i measc earnálacha agus thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta agus idir an ealaín, an eolaíocht agus an teicneolaíocht, agus ní mór aghaidh a thabhairt air sin fós trí dheiseanna comhair níos trasdisciplíní a chruthú agus trí thacú leo.

(21) Ó 2025 ar aghaidh, déantar Bauhaus Eorpach Nua a chistiú go páirteach lena ionstraim chistiúcháin féin a bhunaítear le Plean Straitéiseach Fís Eorpach 2025-2027, Saoráid Bauhaus Eorpach Nua, a ceapadh chun tionchar agus trédhearcacht a mhéadú, agus rochtain a shimpliú d’iarratasóirí. Soláthróidh Saoráid Bauhaus Eorpach Nua tacaíocht airgeadais agus creat straitéiseach chun cuspóirí Bauhaus Eorpach Nua a bhaint amach go dtí 2027. Leagtar amach i dTreochlár Shaoráid Bauhaus Eorpach Nua na gníomhaíochtaí agus na treoracha straitéiseacha don tréimhse 2025 go 2027[21]. Bronntar buiséad bliantúil de thart ar EUR 120 milliún ón gclár Fís Eorpach atá ann faoi láthair ar chomhpháirt Taighde agus Nuálaíochta. Le comhpháirt chomhlántach ‘rolladh amach’, lena ndíreofar ar chur in úsáid agus ar chúnamh teicniúil, ba cheart go ndéanfaí leibhéal infheistíochta comhchosúil a ghiaráil, agus faigheann sí tacaíocht ó chláir eile de chuid an Aontais, mar aon le tacaíocht ó na Ballstáit agus ó fhoinsí príobháideacha. Tá na Ballstáit ag glacadh le luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua cheana féin ina gcláir chistiúcháin ar bhealaí éagsúla, rud a léiríonn a gcomhthéacsanna ar leith, a n-oidhreacht agus a spiorad pobail. Tá Bauhaus Eorpach Nua curtha san áireamh ag na Ballstáit uile i gceann amháin ar a laghad dá gcláir beartais comhtháthaithe le haghaidh 2021–2027.

---

**21** Sonraítear sa Treochlár an buiséad, an rialachas agus na príomhbhearta agus soláthraítear treoraíocht leis trí achoimre a thabhairt ar an gcaoi a ndéanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara Bauhaus Eorpach Nua, Saoráid Bauhaus Eorpach Nua a chur chun feidhme.

(22) Ní mór do thionscadail chlaochlaitheacha cistiú príobháideach a mhealladh freisin. Ní mór maoiniú príobháideach a shlógadh agus creataí maoiniúcháin a neartú chun tacú le dícharbónú agus claochlú ciorclach na timpeallachta tógtha, go háirithe athchóiriú an stoic foirgneamh atá ann cheana. In 2024, forbraíodh Treoirlínte Infheistíochta Bauhaus Eorpach Nua chun cabhrú le hinfheisteoirí a dtionscadail a ailíniú le luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua chun timpeallacht thógtha na hEorpa a athrú ó bhonn. Forbraíodh na Treoirlínte trí dhlúthchomhar idir an Coimisiún Eorpach agus an Comhchúnamh chun Tacú le Tionscadail i Réigiúin na hEorpa. Le tacaíocht ó threoirthionscadal de chuid Pharlaimint na hEorpa[22], agus chun cur leis an taithí ó thionscnaimh mar atá Seirbhísí Luasghéaraithe Gnó na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE) - margadh CNE agus an tArdán um Thorthaí Fís Eorpach - seolfaidh an Coimisiún Mol Comhairleach, a bheidh ina ardán idirghníomhach chun meaitseáil a éascú idir tionscadail bheaga atá ag lorg rochtain ar mhaoiniú, agus infheisteoirí sa gheilleagar sóisialta, eagraíochtaí daonchairdis, agus infheisteoirí príobháideacha agus poiblí eile, lena n-áirítear institiúidí airgeadais agus infheisteoirí institiúideacha, d'fhonn iontaofacht tionscadal ó thaobh brabúis de agus ullmhacht infheistíochta a fheabhsú. Is féidir ról tábhachtach a bheith ag an gcomhar le bainc forbartha iltaobhacha agus le bainc náisiúnta le haghaidh spreagadh maidir le caipiteal príobháideach a ghiaráil agus maidir le tacú le píblínte infheistíochta a fhorbairt do thionscadail Bauhaus Eorpach Nua. Tá Tacsanomaíocht AE[23] ina cuidiú le hinfheisteoirí freisin maidir le tionscadail tógála agus athchóirithe atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a shainaithint.

---

22 *Stimulating Local and Regional New European Bauhaus Grassroots Projects* [Tionscadail Phobail Áitiúla agus Réigiúnacha Bauhaus Eorpach Nua a Spreagadh].

23 Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lgh. 13–43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj).

(23) Is é Compás Bauhaus Eorpach Nua[24] an creat treorach maidir le luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua a chur i bhfeidhm sa chleachtas. Bunaíodh Mol Bauhaus Eorpach Nua le haghaidh Torthaí agus Tionchair[25] chun na ceachtanna a foghlaimíodh a bhailiú, a anailísiú agus a achoimriú, chomh maith leis na huirlisí agus an t-eolas a gineadh le Bauhaus Eorpach Nua. Forbraíodh modh féinmheasúnaithe Bauhaus Eorpach Nua[26] d'fhorbróirí tionscadail agus do chinnteoirí chun a bhféinmheasúnú ar fheidhmíocht an tionscadail a éascú i dtéarmaí luachanna Bauhaus Eorpach Nua. Bunóidh an Coimisiún eochairtháscairí feidhmíochta atá éasca le húsáid freisin chun tionchar claochlaitheach thionscadail Bauhaus Eorpach Nua a thomhas a bheidh bainteach i gcás inarb iomchuí le creataí atá ann cheana agus forbróidh sé Lipéad Bauhaus Eorpach Nua chun go mbeidh tionscadail Bauhaus Eorpach Nua níos infheicthe, chun tacú leis na Ballstáit tionscadail agus cleachtais Bauhaus Eorpach Nua a chur chun cinn agus chun comhtháthú an mhargaidh a éascú trí chreat caighdeánaithe agus critéir inoibrithe a sholáthar ar leibhéal an Aontais chun tacú le measúnú ar thionscadail Bauhaus Eorpach Nua ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Dá mbainfeadh na Ballstáit úsáid chomhleanúnach as na huirlisí sin, ba cheart go laghdófaí ilroinnt agus an t-ualach riaracháin agus chuirfí comhsheasmhacht chun cinn maidir le cur chun feidhme, chuirfí feabhas ar an iomaíochas laistigh den mhargadh inmheánach agus sainaithneofaí agus scaipfí réitigh inscálaithe agus inmhacasamhlaithe ar fud na hEorpa trí inspioráid trastíre agus trí chomhroinnt dea-chleachtas.

---

24 Féach https://new-european-bauhaus.europa.eu/tools-and-resources/use-compass_en

25 Arna chur chun feidhme tríd an topaic 'HORIZON-MISS-2024-NEB-01-03: *Setting up a New European Bauhaus hub for results and impact* [Mol Bauhaus Eorpach Nua a bhunú le haghaidh torthaí agus tionchair] agus an ghníomhaíocht leantach *NEB Hub – Phase II: advancing impact, knowledge management and monitoring of results* [Mol Bauhaus Eorpach Nua – Céim II: tionchar, bainistiú eolais agus faireachán ar thorthaí a chur chun cinn], an ceann deireanach i gClár Oibre 'príomha' Fís Eorpach 2026-2027, Iarscríbhinn 13 – Saoráid Bauhaus Eorpach Nua.

26 Féach https://new-european-bauhaus.europa.eu/tools-and-resources/neb-self-assessment-method_en

(24) In éineacht le Pobal Bauhaus Eorpach Nua, tá struchtúir thacaíochta forbartha ag an gCoimisiún Eorpach lena gcothaítear an rannpháirtíocht agus an comhar. Is éard atá i gCaibidlí Áitiúla Bauhaus Eorpach Nua grúpaí féineagraithe áitbhunaithe de chomhaltaí Phobal Bauhaus Eorpach Nua a rannchuidíonn le seachadadh Bauhaus Eorpach Nua i dtimpeallachtaí áitiúla. Is éard atá i Saotharlanna Bauhaus Eorpach Nua 'meithleacha machnaimh agus déan' atá mar chuid den tionscnamh, arna mbunú ag comhaltaí an Chomhphobail chun na huirlisí agus na réitigh a chomhchruthú, a fhréamhshamhaltú agus a thástáil. Tá Saotharlanna nua á gcruthú chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna tosaíochta, agus bunófar Saotharlann Bauhaus Eorpach Nua maidir le tithíocht inacmhainne chun dea-chleachtais a bhailiú maidir le modhanna nuálacha amhail tógálacha lasmuigh den láthair nó monarú suimitheach, éifeachtúlacht an spáis thógtha agus réitigh tithíochta do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, nó oiriúnuithe inrochtaineachta nuálacha. Bunóidh an Coimisiún Eorpach Comhghuaillíocht Tithíochta Eorpach mar mhol don chomhar, don fhoghlaim fhrithpháirteach agus do mhalartú dea-chleachtas, rud a thabharfaidh gach leibhéal rialtais le chéile. Cothóidh an Chomhghuaillíocht sin sineirgí le cleachtóirí Bauhaus Eorpach Nua agus le comhaltaí Phobal Bauhaus Eorpach Nua, lena n-áirítear Saotharlann Bauhaus Eorpach Nua maidir leis an Tithíocht. Féadfar sineirgí a aimsiú idir Saotharlanna Bauhaus Eorpach Nua agus tionscnaimh náisiúnta maidir le pleanáil spásúil dhigiteach agus cáilíocht ailtireachta.

(25) Tá comhordú agus rialachas il-leibhéil Bauhaus Eorpach Nua ag forbairt in éineacht leis an tionscnamh féin. In 2021, bhunaigh na Ballstáit Pointí Teagmhála Náisiúnta Bauhaus Eorpach Nua, chun tacú le Bauhaus Eorpach Nua a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus chun réimsí tras-ábhartha a chomhordú. Le cruthú Shaoráid Bauhaus Eorpach Nua, a bhunaítear le Plean Straitéiseach Fís Eorpach 2025-2027[27], bunaíodh Pointí Teagmhála Náisiúnta T&N Bauhaus Eorpach Nua freisin. Tá an dá líonra ríthábhachtach maidir le Saoráid Bauhaus Eorpach Nua a ullmhú agus a chur chun feidhme, agus tugann siad aghaidh i dteannta a chéile ar a comhpháirteanna T&N agus a comhpháirteanna rolladh amach araon. Bunaíodh líonra tiomnaithe freisin chun tacú le húdaráis bhainistíochta a chuireann Bauhaus Eorpach Nua chun feidhme sa bheartas comhtháthaithe[28]. Mar sin féin, ní mór comhordú agus sineirgí idir na líonraí éagsúla a fheabhsú a thuilleadh, chun comhleanúnachas agus tionchar níos mó a áirithiú.

---

27 Féach https://research-and-innovation.ec.europa.eu/funding/funding-opportunities/funding-programmes-and-open-calls/horizon-europe/strategic-plan_en

28 Éascaíonn Pobal Peer2Peer (P2P) Bauhaus Eorpach Nua malartú dea-chleachtas agus eolais maidir le Bauhaus Eorpach Nua i measc Údaráis Bhainistíochta agus comhlachtaí ábhartha eile: https://futurium.ec.europa.eu/en/regio-peer-2-peer-communities/new-european-bauhaus.

(26) Tá Bauhaus Eorpach Nua ag spreagadh tríú tíortha freisin, agus trí chomhar méadaithe idirnáisiúnta, is féidir malartuithe eolais agus dea-chleachtas a chothú. Tá an Coimisiún agus Toscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha ag comhoibriú chun cur chuige Bauhaus Eorpach Nua a chur chun cinn lasmuigh den Aontas, go háirithe trí Mhoil Acadamh Bauhaus Eorpach Nua a bhunú lasmuigh den Aontas. Go háirithe, tá tacaíocht tugtha ag Bauhaus Eorpach Nua d'atógáil inbhuanaithe chuimsitheach na hÚcráine. Trí chláir de chuid an Aontais, mar shampla LIFE, Fís Eorpach, agus Interreg, chumasaigh Bauhaus Eorpach Nua tionscadail áirithe ar nós athchóiriú ciorclach foirgneamh panelka in Chernihiv, tionscnaimh maidir le húsáid inbhuanaithe talún faoi Interreg na Danóibe, agus athchóiriú uirbeach glas in Imchuach na Mara Duibhe. Tá nuálaíocht agus comhchruthú á gcothú le Saotharlanna agus Duaiseanna Bauhaus Eorpach Nua, lena n-áirítear Scoil na Todhchaí don Úcráin agus an tSaotharlann um Bonneagar Poiblí. Tá níos mó spéise á léiriú ag páirtithe leasmhara agus údaráis na hÚcráine i gcur chuige Bauhaus Eorpach Nua a ghlacadh dá dtionscnaimh atógála, agus ba cheart iarracht níos mó a dhéanamh chun tacú leo. Le tacaíocht bhreise ón gCoimisiún agus ó Bhallstáit an Aontais, bheidís in ann dlús a chur lena n-atógáil inbhuanaithe chuimsitheach, agus an oidhreacht chultúrtha inláimhsithe agus dholáimhsithe araon a choimirciú, i gcomhar le pobail áitiúla.

(27) Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an dul chun cinn maidir le Bauhaus Eorpach Nua go príomha trí fhaisnéis a mhalartú le Pointí Teagmhála Náisiúnta Bauhaus Eorpach Nua. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit Bauhaus Eorpach Nua a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus d'fhógair sé gníomhaíochtaí tacaíochta agus tosaíochtaí amach anseo sa Teachtaireacht ón gCoimisiún a glacadh an 16 Nollaig 2025[29]. Le Bauhaus Eorpach Nua, aistrítear na tosaíochtaí sin ina bhfeabhsuithe nithiúla sa saol laethúil, agus tacaítear le dearadh níos fearr do chomharsanachtaí, timpeallachtaí níos sláintiúla agus spásanna poiblí níos cuimsithí, níos glaise agus níos oiriúnaithe don aeráid.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH

---

[29] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Bauhaus Eorpach Nua: ó fhís go cur chun feidhme (COM (2025)1026).

## 1. LUACHANNA AGUS PRIONSABAIL BAUHAUS EORPACH NUA A PHRÍOMHSHRUTHÚ

(a) Moltar do na Ballstáit, ar na leibhéil iomchuí inniúlachta agus i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua a leabú ina mbeartais agus ina n-ionstraimí cistiúcháin ábhartha atá nasctha le comharsanachtaí agus leis an timpeallacht thógtha i gcoitinne, lena n-áirítear bonneagar, i gcás inarb iomchuí. Ag tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó thionscadail, ó thionscnaimh agus ó struchtúir rialachais rathúla, moltar do na Ballstáit cur chuige straitéiseach a ghlacadh i leith Bauhaus Eorpach Nua ar an leibhéal náisiúnta, áitiúil agus réigiúnach, agus na gníomhaithe nó na páirtithe leasmhara agus na líonraí ábhartha ar cheart dóibh a bheith rannpháirteach a shainaithint;

(b) Ina theannta sin, moltar do na Ballstáit na huirlisí tacaíochta a sholáthraítear trí Acadamh Bauhaus Eorpach Nua, chomh maith le Lipéad Bauhaus Eorpach Nua, a úsáid agus a chur chun cinn chun claochlú inacmhainne, inbhuanaithe agus ardcháilíochta na timpeallachta tógtha agus earnálacha eile a chothú, agus inniúlachtaí náisiúnta agus éagsúlacht chríochach á n-urramú ag an am céanna, d'fhonn malartú modhanna, cleachtas agus cur chuige nuálach a chur chun cinn ar fud na hEorpa;

(c) Ba cheart gach ceann de na trí luach – inbhuanaitheacht, cuimsitheacht agus aeistéitic – a mheas ar bhealach comhtháite.

## 2. INBHUANAITHEACHT NA TIMPEALLACHTA TÓGTHA A FHEABHSÚ

Moltar go ndéanfadh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) Timpeallacht thógtha atá glan, ciorclach, aeráidneodrach agus aeráidseasmhach, an-tíosach ar fhuinneamh agus ar uisce agus dúlra-dearfach a chur chun cinn agus, ar an gcaoi sin, tacú le tithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(1) Machnamh a dhéanamh ar sholáthar poiblí a úsáid mar uirlis is féidir a úsáid go straitéiseach chun ailtireacht, athchóiriú agus tógáil chostéifeachtach foirgneamh atá nuálach, inbhuanaithe, ciorclach, cóir ó thaobh na sochaí de agus íogair ó thaobh an chultúir de a chur chun cinn chomh maith le comórtais chóra rannpháirteacha a chur chun cinn i réimse na pleanála uirbí, an tírdhreacha agus na hailtireachta;

(2) Cur chuige carbóin ar feadh na saolré iomláine a chur i bhfeidhm maidir le tógáil agus athchóiriú foirgneamh, de réir na treoraíochta a chuirfidh an Coimisiún ar fáil, agus tacú le bearta[30] chun astaíochtaí carbóin ar feadh na saolré iomláine ón earnáil tógála a laghdú go héifeachtach trí chreat agus modheolaíocht chomhchuibhithe de chuid an Aontais[31] chomh maith lena lorg comhshaoil, agus cuspóirí comhshaoil thacsanomaíocht an Aontais á gcur san áireamh;

(3) Ina straitéisí nó pleananna ábhartha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a bhaineann le foirgnimh, tosaíocht a thabhairt d'inacmhainneacht agus inbhuanaitheacht, an geilleagar ciorclach, athchóiriú seachas scartáil i gcás inarb iomchuí, tógáil mhodúlach agus inchúlaithe, feidhmíocht fuinnimh chomh maith le cáilíocht an aeir laistigh agus soilsiú nádúrtha agus feidhmíocht aerála, stóráil fhadtéarmach carbóin, athléimneacht i leith an athraithe aeráide lena laghdaítear na tionchair ar bhithéagsúlacht uirbeach agus ar thalamh uirbeach, aghaidh a thabhairt go háirithe ar theaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste agus tosaíocht a thabhairt, i gcás inarb ábhartha, do cháilíocht ailtireachta agus d'fheidhmíocht uisce.

(4) A chur chun cinn go ndéanfar foirgnimh nua, chomh maith leo siúd a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu, a dhearadh agus a ullmhú, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil, chun cáilíocht an aeir laistigh, an t-uisce agus an leictreachas a thomhas agus a bhainistiú go cliste, go háirithe don tomhaltas is airde agus do na húsáidí is ábhartha, lena n-áiritheofar idir-inoibritheacht le gréasáin fuinnimh, chun coigilteas uisce agus fuinnimh[32] chomh maith le bonneagar le haghaidh soghluaisteacht inbhuanaithe a áirithiú.

---

30 Féach Aithris 11 le haghaidh sampla de na bearta sin.

31 Féach Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/xxxx ón gCoimisiún lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1275 maidir le creat an Aontais i ndáil le poitéinseal téimh dhomhanda ar feadh saolré foirgnimh a ríomh ar bhonn náisiúnta. C(2025) 8723 - PE/2025/8966.

32 I gcomhréir leis an Moladh ón gCoimisiún maidir le treoirphrionsabail 'tús áite don éifeachtúlacht uisce'.

(5) Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí cáilíocht an aeir laistigh, an soilsiú nádúrtha agus an aeráil a chur chun cinn chomh maith le hathléimneacht uisce agus éifeachtúlacht agus leordhóthanacht uisce agus fuinnimh, lena n-áirítear athúsáid uisce báistí;

(6) Úsáid chiorclach bhreise acmhainní a áirithiú ar fud na timpeallachta tógtha agus a lorg amhábhair á chur san áireamh, agus a tionchar ar chuspóirí comhshaoil agus aeráide an Aontais a laghdú.

(b) Réitigh a fhorbairt chun leas a bhaint as acmhainneacht neamhshaothraithe tionscail bithgheilleagair iomaíoch, ciorclach agus inbhuanaithe, lena dtacófar le hinghlacthacht agus glacadh margaidh agus le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh cruthú post agus fáis, go háirithe don timpeallacht thógtha agus do theicstílí, mar a leagtar amach i Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais.

(1) Féachaint, i gcás inarb iomchuí, ar an gcaoi a gcuireann margaí agus cánacha dreasachtaí iomchuí ar fáil maidir le táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe chun tacú le haistriú iomchuí ó úsáid ábhar iontaisebhunaithe go húsáid ábhar ciorclach bithbhunaithe agus acmhainní glana, agus ar gcaoi sin tacú leis an ngeilleagar ciorclach;

(2) Measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a n-úsáidtear, agus ar cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear, soláthar poiblí chun deiseanna margaidh a chruthú chun tacú le hailtireacht agus tógáil atá inbhuanaithe agus bithbhunaithe agus le teicneolaíochtaí agus acmhainní glana soláthar poiblí, i gcomhréir le hiarrachtaí leanúnacha an Aontais maidir le simpliú agus cuíchóiriú[33];

**33** I gcomhthéacs an athbhreithnithe leanúnaigh ar threoracha an Aontais maidir le soláthar poiblí, tá togra reachtach beartaithe le haghaidh lár 2026.

(3) Bacainní rialála agus bacainní eile ar iontráil sa mhargadh le haghaidh modhanna agus ábhair thógála nuálacha a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, mar shampla ábhair bhithbhunaithe ísealcharbóin agus inbhuanaithe, tógáil lasmuigh den láthair agus monarú suimitheach san earnáil tógála, lena n-áirítear trealamh atá tíosach ar fhuinneamh, agus an Coimisiún Eorpach a chur ar an eolas faoi ilroinnt an mhargaidh de bharr rialacha agus léirmhínithe náisiúnta éagsúla agus rialacha contrártha de chuid an Aontais trí Fhóram Eorpach um Rialtóirí agus Nuálaithe Bithgheilleagair agus tríd an bhFóram Tógála Ardleibhéil, agus a áirithiú ag an am céanna go bhfuil ábhair atá oiriúnach don úsáid atá beartaithe dóibh agus do na coinníollacha ina n-úsáidfear iad trí chaighdeáin ábhartha de chuid an Aontais[34] agus cóid náisiúnta tógála a chomhlíonadh.

(c) Tús áite a thabhairt d'úsáid éifeachtúil na timpeallachta tógtha agus í a dhreasú i gcinntí pleanála spásúlachta agus forbartha, d'fhonn tithíocht shóisialta agus inacmhainne agus bonneagar uirbeach glas a chur chun cinn, agus sraoilleáil uirbeach agus comhchruinniú spásúil na bochtaineachta á seachaint, más féidir, trí chosc a chur ar rioscaí aeráide agus comharsanachtaí cuimsitheacha agus a n-athbheochan a chur chun cinn, agus foirgnimh stairiúla agus oidhreacht chultúrtha, athúsáid láithreán athfhorbraíochta agus réitigh le haghaidh soghluaisteacht inbhuanaithe phoiblí agus phríobháideach, lena n-áirítear i gceantair thuaithe, á gcur san áireamh go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(1) Foirgnimh fholmha agus thearcúsáidte a mhapáil agus a n-oiriúnacht do bhearta leordhóthanachta a mhapáil agus an fhaisnéis sin a chur ar fáil do na húdaráis inniúla agus do ghníomhaithe na hearnála tógála agus poiblí; claochlú foirgneamh folamh ina dtithíocht inacmhainne, inbhuanaithe agus ardcháilíochta a dhreasú, trí athchóiriú, síntí, athriochtú, athrú úsáide, nó spásanna tógtha a chur in oiriúint do riachtanais athraitheacha teaghlach; an acmhainneacht tithíochta tearcúsáidte le haghaidh forbairt uirbeach inbhuanaithe i gcomharsanachtaí tuaithe a fhiosrú trí bhearta chun a n-inacmhainneacht, a n-inrochtaineacht agus a nascacht a fhorbairt;

[34] Cóid Euro chomh maith le sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe agus Doiciméid um Measúnú Eorpach faoin Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta.

(2) Nósanna imeachta criosaithe agus nósanna imeachta ceadaithe foirgneamh a chuíchóiriú agus a luathú, i gcás inarb ábhartha agus inarb indéanta, go háirithe maidir le hathchóiriú, síneadh ingearach agus athchóiriú inbhuanaithe foirgneamh lenar féidir an soláthar tithíochta a mhéadú, lena n-áirítear trí dhea-chleachtais a chomhroinnt idir na Ballstáit;

(3) Forbairt dea-chleachtas agus treoirphleananna Bauhaus Eorpach Nua a éascú, mar shampla iad siúd a bhaineann le tithíocht athléimneach a fhorbróidh an Coimisiún trí chatalóg dhigiteach chomh maith leo siúd a bhaineann le forbairt uirbeach inbhuanaithe;

(d) Luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua a thabhairt ar aghaidh, agus pleanáil spásúlachta chomhtháite á cur chun cinn, chun ullmhacht comharsanachtaí agus pobal i gcomhair géarchéimeanna agus athléimneacht comharsanachtaí agus pobal i leith rioscaí sláinte agus tubaistí nádúrtha arb é an t-athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil is cúis leo, agus i leith bagairtí geopholaitiúla (lena n-áirítear bagairtí hibrideacha) a neartú, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(1) Cosc tubaistí agus géarchéimeanna, ullmhacht agus athbhunú a chur chun cinn, mar shampla bainistiú comhtháite falscaithe, go háirithe sa chomhéadan idir talamh fiáin agus uirbeach, rialú creimthe, bainistiú riosca tuilte agus creathanna talún, oiriúnú do theochtaí foircneacha, athshlánú inbhuanaithe na limistéar atá buailte isteach i ndearadh spásúil agus i gcultúr agus i réitigh atá bunaithe ar an oidhreacht chultúrtha;

(2) Réitigh dhúlrabhunaithe agus athchóiriú an dúlra, an cultúr agus réitigh oidhreachtbhunaithe, athléimneacht i réimse chaomhnú an uisce, na talún agus na bithéagsúlachta a chomhtháthú;

(3) Dearadh agus bonneagar atá athléimneach ó thaobh uisce de a chur chun cinn, lena n-áirítear trí réitigh dhúlrabhunaithe, bainistiú uisce báistí, agus bearta oiriúnaitheacha i gcoinne triomach agus tuilte, chun an tsláinte phoiblí, éiceachórais agus ináitritheacht fhadtéarmach a chosaint, go háirithe i limistéir leochaileacha thuaithe agus chósta;

(4) Athléimneacht chríochach i leith bagairtí geopholaitiúla a neartú, lena n-áirítear iontaofacht an bhonneagair chriticiúil agus leanúnachas na bhfeidhmeanna áitiúla fíor-riachtanacha a áirithiú, agus pleanáil spásúlachta chomhtháite á cur chun cinn ag an am céanna.

(5) Feasacht rioscaí agus na teachtaireachtaí a thugtar i ndáil le rioscaí agus cur chuige rialachais réamhghníomhach a chur chun cinn chun athléimneacht na sochaí a fheabhsú;

(6) Measúnú ar dháileadh an spáis ghlais uirbigh agus clúdaigh corónach crann sna cathracha éagsúla agus i lonnaíochtaí uirbeacha eile a chur chun cinn, agus féachaint an tráth céanna ar an gcaoi a ndéanfar, san fhorbairt atá beartaithe amach anseo, spás glas uirbeach agus bearta atá dearfach ó thaobh an dúlra de a chomhtháthú go gníomhach i bhfoirgnimh agus i mbonneagar i gceantair agus i réigiúin éagsúla, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le hoiriúnú don athrú aeráide agus le maolú an athraithe aeráide, leis an mbithéagsúlacht agus le timpeallachtaí níos sláintiúla.

(7) Dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear árachóirí, d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais atá bunaithe ar an bprionsabal 'atógáil mar a bhí' chun dálaí athraitheacha aeráide agus comhshaoil a léiriú, agus féiniúlachtaí áitiúla agus an oidhreacht áitiúil á gcaomhnú ag an am céanna;

(8) Féachaint ar bhearta in uirlisí maoiniúcháin chun cuidiú le tionchair dhiúltacha shláinte arb é an t-athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil is cúis leo a mhaolú, lena n-áirítear nochtadh teasa, truailliú aeir, ithreach, torainn agus solais agus easpa rochtana ar limistéir ghlasa, agus aird ar leith á tabhairt ar nochtadh díréireach pobal íogair agus grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste.

(9) Forbairt conairí dúlra idirnasctha idir ceantair thuaithe a spreagadh chun gníomhaíocht coirp a chur chun cinn, deiseanna áineasa a chruthú, agus aghaidh a thabhairt ar dhídhaonrú trí shruthanna ioncaim a ghiniúint ón turasóireacht agus ó imeachtaí áitiúla, agus ar an gcaoi sin tacú le forbairt chríochach chuimsitheach inbhuanaithe.

(e) Úsáid réiteach digiteach don chiorclaíocht agus don éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn le haghaidh aistriú glan iomaíoch, go háirithe an méid seo a leanas:

(1) Cur chun feidhme uirlisí, cuir i gcás an Pas Táirge Digiteach, Deimhnithe Feidhmíochta Fuinnimh, ceadanna tógála digiteacha, logleabhair foirgnimh dhigiteacha, iniúchtaí réamhscartála digiteacha agus réitigh dhigiteacha eile chun rianú saolré carbóin agus ábhar a chur chun cinn agus chun bonneagair agus uirlisí digiteacha comhroinnte a chothú lena dtacaítear le cinnteoireacht shonraíbhunaithe maidir le pleanáil uirbeach chliste, leis an bhfuinneamh, leis an tsoghluaisteacht agus le bainistiú uisce, i sineirge leis an gClár Beartais don Deacáid Dhigiteach;

(2) Prionsabail dhigiteacha trí dhearadh a chur chun cinn lena gcuimsítear an inrochtaineacht, an idir-inoibritheacht, agus teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide atá tíosach ar fhuinneamh, ar ábhar agus ar uisce sa phleanáil uirbeach, agus tacú freisin le simpliú trí bhosca uirlisí digiteach lena ngabhann ceadú samhailbhunaithe, comhlíonadh 'riail mar chód', agus tuairisciú aonuaire, agus inniúlachtaí náisiúnta don phleanáil spásúil agus uirbeach á n-urramú ag an am céanna.

## 3. AN RANNPHÁIRTÍOCHT, AN DAONLATHAS ÁITIÚIL AGUS UIRLISÍ COMHDHEARTHA DIGITEACHA A FHEABHSÚ I bhFORBAIRT INBHUANAITHE UIRBEACH AGUS COMHARSANACHTA

Moltar go ndéanfadh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) Cur le Mol Bauhaus Eorpach Nua le haghaidh torthaí agus tionchair[35] chun torthaí thionscadail Bauhaus Eorpach Nua a chomhtháthú de réir a chéile le peirspictíochtaí úsáideoirí i ndearadh spásúil agus/nó i gclaochlú spásanna poiblí agus spásanna coiteanna, lena n-áirítear soghluaisteacht inbhuanaithe, agus chun tacú le pobail atá feasach ar chúrsaí fuinnimh agus ábhair agus uisce, tionscnaimh athchóirithe agus comhroinnte fuinnimh ghlain faoi stiúir na saoránach, agus iad a chur chun cinn, gníomhaithe áitiúla a chumhachtú agus réitigh chuimsitheacha faoi stiúir an phobail a chothú, mar aon le dálaí cuibhiúla chun gnéithe diúltacha an uaislithe a chosc;

---

35 Arna chur chun feidhme tríd an topaic 'HORIZON-MISS-2024-NEB-01-03: *Setting up a New European Bauhaus hub for results and impact* [Mol Bauhaus Eorpach Nua a bhunú le haghaidh torthaí agus tionchair] agus an ghníomhaíocht leantach *NEB Hub – Phase II: advancing impact, knowledge management and monitoring of results* [Mol Bauhaus Eorpach Nua – Céim II: tionchar, bainistiú eolais agus faireachán ar thorthaí a chur chun cinn], an ceann deireanach i gClár Oibre 'príomha' Fís Eorpach 2026-2027, Iarscríbhinn 13 – Saoráid Bauhaus Eorpach Nua.

(b) Tionscadail Bauhaus Eorpach Nua agus cleachtais bheartais a chur chun cinn chun an daonlathas áitiúil, an cuimsiú agus an rannpháirtíocht sa phleanáil uirbeach agus san fhorbairt comharsanachta a fheabhsú, trí thacú le cuir chuige nuálacha agus comhchruthaitheacha maidir le rannpháirtíocht an phobail ar leibhéal na comharsanachta, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú leis an Sciath don Daonlathas a chur chun feidhme ar an láthair;

(c) Líonrú a spreagadh, lena n-áirítear trí Chaibidlí Áitiúla Bauhaus Eorpach Nua le húdaráis áitiúla agus le gníomhaithe ábhartha chun athléimneacht comharsanachtaí a neartú, feasacht pobal a mhéadú agus réitigh faoi stiúir an phobail a chomhdhearadh, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha agus modheolaíochtaí eolaíocha – ar nós anailís chásbhunaithe;

(d) Dul i gcomhairle agus i dteagmháil le daoine faoi mhíchumas agus le seanóirí chun tacú le maireachtáil neamhspleách agus cuimsiú sa phobal agus réitigh atá inrochtana trí dhearadh;

(e) Páirt ghníomhach a thabhairt don óige i spásanna poiblí agus spásanna coiteanna atá cuimsitheach agus fabhrach don óige a mhúnlú;

(f) Rannpháirtíocht fhóinteach na mban a chur chun cinn agus cur chuige ina dtugtar aird ar ghné na hinscne a chomhtháthú i ndearadh agus i bhforbairt spásanna poiblí agus comharsanachtaí , agus é mar aidhm timpeallachtaí cuimsitheacha sábháilte a chothú;

(g) Cur chuige atá fabhrach do theaghlaigh a chur chun cinn agus spásanna á ndearadh agus á bhforbairt chun sábháilteacht, folláine agus compord teaghlach a áirithiú, agus ar an gcaoi sin tiomantas teaghlach a neartú chun réitigh atá comhfhiosach ó thaobh an chomhshaoil de a roghnú;

(h) Cumais oibríochtúla na n-údarás ábhartha a neartú chun treoraíocht agus tacaíocht éifeachtach a chur ar fáil don fhoghlaim faoi luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua, conas uirlisí Bauhaus Eorpach Nua a úsáid, mar aon le treoraíocht maidir le hionstraimí cistiúcháin Bauhaus Eorpach Nua. Chuige sin, leas a bhaint as na deiseanna atá ann cheana a chuireann an Coimisiún Eorpach ar fáil, amhail iad seo a leanas:

(1) Bosca Uirlisí um Leathchúplaí Digiteacha Áitiúla an Aontais Eorpaigh agus réitigh maidir le Leathchúplaí Digiteacha Áitiúla don Atógáil;

(2) an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil[36];

(3) an Malartú Comhair Riaracháin Phoiblí (MCPR)[37];

(4) deiseanna foghlama idir piaraí a chuirtear ar fáil leis na nithe seo a leanas:

- Beartas comhtháthaithe, go háirithe faoi Phobal Bauhaus Eorpach Nua REGIO idir piaraí, chun dea-chleachtais agus eolas maidir le Bauhaus Eorpach Nua a mhalartú i measc Údaráis Bhainistíochta agus comhlachtaí ábhartha eile agus chun tuilleadh infheistíochtaí in Bauhaus Eorpach Nua a spreagadh faoi chláir beartais comhtháthaithe 2021-2027;

- An tsraith fothaithe acmhainneachta den Tionscnamh Uirbeach Eorpach, lena dtacaítear le cathracha agus le húdaráis bhainistíochta chun luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua a phríomhshruthú laistigh de straitéisí forbartha uirbí inbhuanaithe;

- An ghníomhaíocht 'Rannchuidiú le cur chun feidhme Shaoráid Bauhaus Eorpach Nua le tacaíocht ó T&N Bauhaus Eorpach Nua de chuid Fís Eorpach agus ó Phointí Teagmhála Náisiúnta Bauhaus Eorpach Nua'[38];

- Lárionad Inniúlachta an Aontais maidir le Daonlathas Rannpháirtíochta agus Dioscúrsach[39] agus a líonra gaolmhar d'ionaid tagartha náisiúnta, chomh maith le hardáin agus fóraim chomhroinnte le dea-chleachtais a mhalartú chun gur féidir foghlaim agus chun nach gclisfear.

---

36 Féach Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil
37 Féach Ionstraim 2026 um Thacaíocht Theicniúil – MCRP – Malartú Comhair Riaracháin Phoiblí – Tacaíocht um Athchóiriú
38 Clár Oibre 'príomha' Fís Eorpach 2026-2027, Iarscríbhinn 13 – Saoráid Bauhaus Eorpach Nua.
39 Lárionad Inniúlachta an Aontais maidir le Daonlathas Rannpháirtíochta agus Dioscúrsach.

## 4. LEAS A BHAINT AS CUMHACHT CHLAOCHLAITHEACH AN OIDEACHAIS, NA hOILIÚNA, NA nEALAÍON AGUS AN CHULTÚIR LE hAGHAIDH AN AISTRITHE I dTREO FUINNEAMH GLAN

Moltar go ndéanfadh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) Rannpháirtíocht chultúrtha agus rannchuidiú ealaíontóirí, gairmithe cultúrtha agus gairmithe cruthaitheacha agus turgnaimh faoi stiúir an chultúir a aithint agus tacú leo mar spreagadh don nuálaíocht, don fhorbairt áitiúil agus don smaointeoireacht as an nua chun an t-aistriú i dtreo fuinneamh glan a chur chun cinn (i gcomhréir leis na prionsabail a luaitear i bPleananna Oibre an Aontais Eorpaigh don Chultúr, arna n-ullmhú ag an gComhairle, agus sa Chompás Cultúir don Eoraip), agus deiseanna Bauhaus Eorpach Nua a chur chun cinn i measc earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta;

(b) Féachaint ar an tionscnamh atá le teacht ón gCoimisiún chun Príomhchathracha Cultúir na hEorpa a neartú agus aitheantas á thabhairt do shineirgí le luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua, i gcás inarb ábhartha;

(c) Na luachanna ó Dhearbhú Davos 2018, '*Towards a high-quality Baukultur for Europe*' [I dtreo Baukultur ardcháilíochta don Eoraip][40], a phríomhshruthú chun gnéithe cultúrtha an chaomhnaithe, na pleanála agus na tógála a leabú i straitéisí náisiúnta ábhartha. Obair leantach a dhéanamh ar chonclúidí 2021 ón gComhairle maidir le cultúr, ailtireacht agus timpeallacht thógtha ar ardcháilíocht mar phríomhghnéithe de thionscnamh Bauhaus Nua Eorpach trí luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua a chomhtháthú i mbeartais náisiúnta lena rialaítear an ailtireacht agus an timpeallacht thógtha;

(d) Eolas agus scileanna traidisiúnta sa cheardaíocht a chothú agus, i gcás inar gá, a aisghabháil, go háirithe maidir le luach a chur ar an oidhreacht chultúrtha agus cosaint a thabhairt di, agus nuálaíochtaí a spreagadh lenar féidir teicneolaíochtaí san am a chuaigh thart agus sa lá atá inniu ann a nascadh agus earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a rannpháirtiú;

(e) Bealach Bauhaus Eorpach Nua a chur chun cinn laistigh de DiscoverEU;

(f) I gcás inarb ábhartha, eolas a thabhairt faoi chláir oiliúna agus faoi ghníomhaíochtaí oideachais eile chun feasacht a mhúscailt maidir le luachanna agus prionsabail luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua i measc daltaí agus mac léinn;

---

40 Féach https://davosdeclaration2018.ch/en/

## 5. FEABHAS A CHUR AR EOLAS, ACMHAINNEACHTAÍ NUÁLAÍOCHTA AGUS SCILEANNA TRÍ UIRLISÍ AGUS TIONSCNAIMH ACADAMH BAUHAUS EORPACH NUA

Moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) I gcás inarb ábhartha, glacadh eolais, uirlisí nuálaíochta agus clár oideachais agus oiliúna a forbraíodh trí Acadamh Bauhaus Eorpach Nua, nó ionstraimí eile arna gcistiú ag an Aontas ar nós Comhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha, a éascú, chun tacú leis an aistriú chuig éiceachóras tógála inbhuanaithe agus réitigh ghlana agus, i gcás inarb iomchuí, láithreacht na Mol Acadamh Bauhaus Eorpach Nua a leathnú sna Ballstáit uile tar éis measúnú a dhéanamh ar na cásanna ina bhfuil sé sin ábhartha dá bpáirtithe leasmhara nó nach bhfuil;

(b) I gcás inarb ábhartha, comhar taighde agus acadúil Bauhaus Eorpach Nua a chothú mar aon le comhar i measc mic léinn i réimsí éagsúla atá ábhartha maidir leis na timpeallachtaí tógtha agus nádúrtha, ag tógáil ar chur chuige idirdhisciplíneach, ag cothú na nEolaíochtaí Sóisialta agus na nDaonnachtaí chomh maith le heolas seachfhoirmiúil.

(c) I gcás inar féidir, tacú leis an gCoimisiún tionscadail Bauhaus Eorpach Nua a mhapáil arna gcur chun feidhme trí ionstraimí cistiúcháin náisiúnta, áitiúla nó réigiúnacha éagsúla de chuid an Aontais – lena n-áirítear iad siúd atá faoi bhainistíocht chomhroinnte – agus dea-chleachtais a chomhroinnt agus, i gcás inar féidir, tacú leis an gCoimisiún príomhtháscairí feidhmíochta a fhorbairt chun tionchar claochlaitheach thionscadail Bauhaus Eorpach Nua agus a dtairbhí don fhás inbhuanaithe agus don rathúnas a thomhas agus iad a chomhtháthú, i gcás inarb ábhartha, ina mbeartais agus ina ngníomhaíochtaí;

(d) Machnamh a dhéanamh ar luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua a chomhtháthú i bhforbairt agus i gcur chun feidhme na straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha lena dtugtar aghaidh ar bhearnaí scileanna, agus sna Comhpháirtíochtaí Scileanna Mórscála agus Réigiúnacha faoin gComhshocrú um Scileanna, go háirithe an Chomhpháirtíocht Tógála ar Mórscála;

(e) I gcás inarb ábhartha, tacú le gairmoideachas agus gairmoiliúint atá ábhartha maidir le Bauhaus Eorpach Nua agus iad a chur chun cinn, chomh maith le cláir athscilithe agus uas-scilithe, go háirithe iad siúd a forbraíodh cheana tríd an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht agus trí Erasmus+;

(f) Pleanáil spásúlachta chomhtháite agus ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna a chur chun cinn trí fhothú acmhainneachta leis na húdaráis inniúla uile agus, i gcás inarb ábhartha, modúil oiliúna le haghaidh an ardoideachais agus na gairmoiliúina a mheas.

## 6. FEASACHT AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT A MHÚSCAILT MAIDIR LE BAUHAUS EORPACH NUA AGUS A PHOBAL

Moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) Lipéad Bauhaus Eorpach Nua atá le forbairt agus le píolótú ag an gCoimisiún Eorpach a chur san áireamh agus tacaíocht á tabhairt do thionscadail;

(b) Tacú leis an gCoimisiún maidir lena iarrachtaí Pobal Bauhaus Eorpach Nua a mhéadú agus a éagsúlú agus dul i dteagmháil le comhaltaí a dtíre de Phobal Bauhaus Eorpach Nua chun a riachtanais agus a dtograí a thuiscint agus chun tacú leo, agus i gcás inarb iomchuí, sineirgí a chruthú, lena n-áirítear sineirgí le gníomhaíochtaí ábhartha náisiúnta agus réigiúnacha, agus trí fheasacht a mhúscailt freisin maidir le tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua agus na deiseanna a bhaineann leis don saol acadúil, do ghairmithe, comhlachais ghairmiúla san áireamh, don earnáil tionsclaíochta, don tsochaí shibhialta agus d'údaráis phoiblí;

(c) I gcás inar féidir, duaiseanna náisiúnta Bauhaus Eorpach Nua a fhorbairt, nó catagóirí Bauhaus Eorpach Nua i nduaiseanna náisiúnta ábhartha a fhorbairt i sineirgíocht le Duaiseanna Bauhaus Eorpach Nua an Aontais;

(d) Feasacht a mhéadú agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha sna Ballstáit a spreagadh i bhFéile Bauhaus Eorpach Nua dhébhliantúil agus imeachtaí satailíte náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla a chur chun cinn i ngach Ballstát.

## 7. FEABHAS A CHUR AR ROCHTAIN AR CHISTIÚ AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ

Moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) Féachaint ar Shaoráid Bauhaus Eorpach Nua a chur ar fáil dá comhpháirteanna T&N agus rolladh amach araon, trí fheasacht a mhéadú i measc na bpáirtithe leasmhara ábhartha agus na dtairbhithe féideartha uile, agus cabhrú leo a bheith rannpháirteach agus aiseolas a thabhairt don Choimisiún maidir le conas feabhas a chur uirthi. Cistiú inbhuanaithe féideartha do Bauhaus Eorpach Nua a shamhlú agus a phlé a thuilleadh leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile, lena n-áirítear an Coimisiún.

(b) Na gealltanais a chomhlíonadh chun Bauhaus Eorpach Nua a chur chun feidhme i gcláir beartais comhtháthaithe. Féadfar an méid sin a bhaint amach trí ghlaonna nithiúla a sheoladh chun Bauhaus Eorpach Nua a chur chun feidhme i réimsí beartais ábhartha de réir an athbhreithnithe mheántéarma a rinneadh le déanaí, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí infheistíocht phríobháideach a uasmhéadú trí ionstraim airgeadais shamhail forbartha críochaí Bauhaus Eorpach Nua; leas a bhaint as clár beartais comhtháthaithe, go háirithe chun Tionscadal Suaitheanta Bauhaus Eorpach Nua amháin a fhorbairt i ngach Ballstát;

(c) Slógadh infheistíochta príobháidí i dtionscadail Bauhaus Eorpach Nua a chur chun cinn, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as ionstraimí airgeadais amhail ráthaíochtaí, maoiniú cumaiscthe, iasachtaí lamháltais agus sásraí comhroinnte riosca, i gcás inarb iomchuí.

(d) Comhar le bainc forbartha iltaobhacha, bainc náisiúnta le haghaidh spreagadh agus institiúidí airgeadais a spreagadh chun feabhas a chur ar ullmhú tionscadal, caipiteal príobháideach a ghiaráil agus tacú le réitigh maidir le maoiniú um aistriú a chur in úsáid.

## 8. Rialachas il-leibhéil éifeachtach Bauhaus Eorpach Nua agus ról lárnach Phointí Teagmhála Náisiúnta Bauhaus Eorpach Nua a áirithiú

Moltar go ndéanfadh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) Bunaithe ar na Treoirlínte do Phointí Teagmhála Náisiúnta a forbraíodh in 2025, ról comhordúcháin tacúil Phointí Teagmhála Náisiúnta Bauhaus Eorpach Nua i rialachas Bauhaus Eorpach Nua a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta, chomh maith leis an gcomhar a shaothrú leis na hAireachtaí ábhartha uile agus leis na sásraí comhordúcháin atá ann cheana agus tacú lena n-acmhainneacht, i sineirge le Comhghuaillíocht Tithíochta an Aontais atá ar na bacáin, chun comhleanúnachas agus comhtháthú chur chuige Bauhaus Eorpach Nua a áirithiú. An sainmhíniú ar na príomhchúraimí do Pointí Teagmhála Náisiúnta Bauhaus Eorpach Nua a shoiléiriú in éineacht leis an gCoimisiún agus róil thírshonracha bhreise a shainiú más gá. Féachaint ar leanúint den chleachtas cruinniú a bheith ann idir Pointí Teagmhála Náisiúnta Bauhaus Eorpach Nua i gcomhthráth le cruinnithe ábhartha;

(b) Rialachas trasearnála agus il-leibhéil a chur chun cinn do Bauhaus Eorpach Nua ar an leibhéal náisiúnta bunaithe ar dhea-chleachtais atá ann cheana, trí luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua a chomhordú agus a phríomhshruthú i bpleanáil agus i gcur chun feidhme tionscnamh cistiúcháin agus beartais atá ábhartha maidir le Bauhaus Eorpach Nua. Comhordú agus comhoibriú a éascú idir Pointí Teagmhála Náisiúnta Bauhaus Eorpach Nua agus líonraí ábhartha eile, go háirithe Fís Eorpach (2021-2027), Pointí Teagmhála Náisiúnta T&N Bauhaus Eorpach Nua, Pointí Teagmhála Náisiúnta Chlár LIFE, comhpháirtíochtaí ábhartha Fís Eorpach agus údaráis bhainistíochta don bheartas comhtháthaithe;

(c) Cur chuige agus uirlisí Bauhaus Eorpach Nua a chur chun cinn ina malartuithe idirnáisiúnta ábhartha amhail laistigh de chláir, gníomhaireachtaí agus tionscnaimh ábhartha na Náisiún Aontaithe chomh maith le tríú tíortha agus a áirithiú go rannchuideoidh Bauhaus Eorpach Nua le spriocanna agus gealltanais idirnáisiúnta ábhartha a chur chun feidhme[41]. Tacú go háirithe le hatógáil inbhuanaithe agus chuimsitheach na hÚcráine trí threoirthionscadail agus léiritheoirí – mar shampla, le haghaidh scoileanna, spásanna poiblí, oidhreacht nádúrtha agus cultúrtha a chosaint agus an atógáil chiorclach – cruthú agus malartú eolais, chomh maith le Mol Acadamh Bauhaus Eorpach Nua atá ar na bacáin san Úcráin a chomhdhlúthú mar lárionad inniúlachta agus tacaíochta do pháirtithe leasmhara agus d'údaráis áitiúla le haghaidh fothú acmhainneachta agus comhroinnt réiteach nuálach inmhacasamhlaithe.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[41] Go háirithe SFI 11 agus Rún 2/6 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le Logánú na SFInna agus Rún 7/2 Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe maidir le Réitigh inbhuanaithe a chur chun cinn tríd an spórt ar mhaithe le pláinéad athléimneach sa phleanáil uirbeach inbhuanaithe agus chuimsitheach.